

Litir na gCeart do dhaoine atá á gcoinneáil faoin Acht Sceimhlitheoireachta 2000

Tá eolas tábhachtach sa bhileog seo faoi na cearta atá agat faoin dlí in Albain agus tú faoi choinneáil i stáisiún na bpóilíní. Insítear duit sa doiciméad seo na príomhchearta atá agat maidir le bheith faoi choinneáil. Ní comhairle dlí atá i gceist agus níl eolas anseo faoi na cearta ar fad atá agat. Ba cheart duit do chomhairle dlí neamhspleách féin a lorg.

Léigh an t-eolas seo chomh luath agus is féidir é le do thoil. Beidh sé ina chúnaimh duit maidir le cinntí a dhéanamh agus tú ag stáisiún na bpóilíní. Iarr ar na póilíní aon ní nach dtuigeann tú sa bhileog seo a mhíniú, nó iarr cóip atá éasca le léamh nó aistriúchán.

Cuimhnigh ar na cearta atá agat:

- Tá sé de cheart agat a fhios a bheith agat cén fáth a bhfuil tú faoi choinneáil ag na póilíní.
- Tá sé de cheart agat go n-inseofar do dhlíodóir go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní. Níl aon chostas ag baint leis sin.
- Tá sé de cheart agat go gcuirfí in iúl do dhuine éigin a bhféadfadh sé gur spéis leis nó léi do chás go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur duine muinteartha, cúramóir nó cara a bheadh i gceist.
- Tá sé de cheart agat fanacht i do thost. Ní gá duit aon cheist a chuireann na póilíní ort a fhreagairt. ACH caithfidh tú d'ainm, do sheoladh, do dháta breithe, an áit ar rugadh thú agus do náisiúntacht a thabhairt.
- Tá sé de cheart agat labhairt le dlíodóir gan mhoill agus sibh in bhur n-aonar sula gcuirfidh na póilíní ceisteanna ort. Is féidir leat labhairt le dlíodóir freisin am ar bith agus na póilíní ag cur ceisteanna ort.
- Má tá tú faoi 16 bliana d'aois, nó faoi 18 mbliana d'aois agus ordú maoirsithe éigeantaigh déanta i do leith, tá sé de cheart agat go dtabharfaidh do thuismitheoir nó do chaomhnóir cuairt ort ag stáisiún na bpóilíní.
- Tá sé de cheart agat cúnaimh práinneach leighis a fháil.
- Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh faoin mbealach ar chaith na póilíní leat.

Do chearta

Tabhair faoi deara: I gcúinsí eisceachtúla, tá sé de cheart ag na póilíní moill a chur ar an rochtain atá agat ar roinnt de na cearta sin nó iad a choinneáil siar. Sampla de sin is ea an cás ina gceapann na póilíní go gcaithfidh siad labhairt leat ionas nach ngortófar duine eile. **Níl an ceart bheith i do thost san áireamh ansin.**

1. Eolas do dhaoine atá faoi choinneáil ag na póilíní

- **A bheith eolach ar an bhfáth ar gabhadh thú agus a bhfuil tú faoi choinneáil**

Ní mór do na póilíní tú a chur ar an eolas ionas go dtuigfidh tú cén fáth ar gabhadh tú agus a bhfuil amhras ann go bhfuil baint agat le gníomh, ullmhú nó tionscnamh sceimhlitheoireachta.

Ag stáisiún na bpóilíní, ní mór do na póilíní a insint duit cén fáth a gceapann siad gur cheart tú a chur faoi choinneáil. Sula gcuirtear aon cheisteanna ort faoi amhras a bheith ann go raibh baint agat le sceimhlitheoireacht, ní mór do na póilíní dóthain eolais a thabhairt duit féin nó do dhlíodóir faoin rud a cheapann siad atá déanta agat ionas gur féidir leat tú féin a chosaint, ach gan dochar a dhéanamh d'imscrúdú na bpóilíní.

- **An Ceart bheith i do Thost**

Ní gá duit freagra a thabhairt ar aon cheist a chuireann na póilíní ort faoin rud a cheapann siad a rinne tú.

Déanfar aon rud a deir tú a scríobh síos nó a thaifeadadh agus d'fhéadfaí é a úsáid mar fhianaise ag an triail, má thugtar do chás os comhair na cúirte.

Ní mór duit d'ainm agus do sheoladh, do dháta breithe, d'áit bhreithe agus do náisiúntacht a insint do na póilíní nuair a iarrann siad na sonraí sin ort.

- **Insint do Dhlíodóir go bhfuil tú ag stáisiún na póilíní**

Is féidir leat iarraidh ar na póilíní a insint do dhlíodóir go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní. D'fhéadfadh sé gur do dhlíodóir féin a bheadh i gceist nó, mura bhfuil aithne agat ar dhlíodóir, an dlíodóir atá ar glao-dhualgas. Déanfaidh na póilíní socrú go ndéanfar teagmháil le dlíodóir a luaithe is féidir. Níl aon chostas ag baint leis sin.

É a insint do dhuine éigin a bhféadfadh sé gur spéis leis nó léi do chás go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní.

Is féidir leat iarraidh ar na póilíní dul i dteagmháil le duine eile lena insint dó nó di go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní. D'fhéadfadh sé gur duine muinteartha leat a bheadh i gceist, do pháirtí, do chúramóir, cara leat nó duine eile de do lucht aithne. Rachaidh na póilíní i dteagmháil le duine ar do shon chomh luath agus is féidir leo.

Má tá tú faoi 16 bliana d'aois (nó faoi 18 agus faoi réir ordú maorsithe éigeantaigh)

- Caithfidh na póilíní iarracht a dhéanamh a rá le do thuismitheoir nó do chaomhnóir go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní.
- Is féidir le do thuismitheoir nó do chaomhnóir teacht chun tacaíocht a thabhairt duit ag stáisiún na bpóilíní.

- **Ateangaire a aimsiú chun cabhrú leat**

Mura labhraíonn tú Béarla nó mura dtuigeann tú Béarla, déanfaidh na póilíní socrú le duine éigin a labhraíonn do theanga féin (ateangaire) agus cuideoidh an té sin leat. Níl aon chostas ag baint leis sin. Tá sé tábhachtach go dtuigfeá an méid atá á rá ag stáisiún na bpóilíní.

Má tá tú bodhar nó má tá deacracht agat tú féin a chur in iúl go soiléir, déanfaidh na póilíní socrú sa chaoi is go gcabhróidh duine éigin leat. D'fhéadfadh sé gur ateangaire a bhíonn ag plé le Teanga Chomharthaíochta na Breataine, nó gairmí cuí eile, a bheadh i gceist leis sin. Níl aon chostas ag baint leis sin.

- **Más rud é nach Briotanach thú**

Más rud é nach Briotanach thú, is féidir leat iarraidh ar na póilíní teagmháil a dhéanamh le d'Ard-Choimisiún, d'Ambasáid nó do Chonsalacht, lena rá leo cá bhfuil tú agus cén fáth a bhfuil tú i stáisiún na bpóilíní. Is féidir leo cuairt phríobháideach a thabhairt ort freisin agus socrú a dhéanamh go dtabharfaidh dlíodóir cuairt ort.

- **Cad a tharlaíonn má dhéantar tú a chúiseamh?**

Má chúisítear thú i gcion, b'fhéidir go dtabharfar cead duit imeacht ó choinneáil nó b'fhéidir go gcoinneofar i stáisiún na póilíní thú agus go dtabharfar chun na cúirte thú an chéad lá oibre eile. Nó d'fhéadfadh sé go scaoilfí saor thú má thoilíonn tú dul chun na cúirte ar dháta socraithe.

- **Rochtain ar dhoiciméid**

Tabharfar nóta faoin bhfianaise sa chás duitse nó do do dhlíodóir, má théann do chás os comhair cúirte. Ansin beidh tusa nó do dhlíodóir in ann do chosaint a ullmhú.

Tá sé de cheart agat aistriúchán a fháil ar an eolas ábhartha mura dtuigeann tú Béarla.

- **Rochtain ar chúnamh leighis**

Cuirfidh na póilíní ceisteanna ort faoi do shláinte agus d'fholláine. Tá sé tábhachtach na póilíní a chur ar an eolas má tá riocht sláinte ort nó má tá tú ag tógáil cógais. Tá sé tábhachtach freisin é a rá leis na póilíní má tá andúil i ndrugaí nó in alcól agat nó má tá tú ag smaoineamh ar dhíobháil a dhéanamh duit féin.

Féadfaidh na póilíní iarraidh ar lia-chleachtóir tú a scrúdú. Déantar é sin lena chinntiú go dtabharfar aire cheart duit agus tú faoi choinneáil. Má bhraitheann tú go dteastaíonn uait lia-chleachtóir a fheiceáil, abair leis na póilíní é.

Má éiríonn tú tinn, tá sé de cheart agat cúnamh leighis a fháil.

- **Bia agus Deoch**

Cuirfear uisce ar fáil duit ach é a iarraidh. Tairgfear bia duit má bhíonn tú ag stáisiún na bpóilíní ar feadh níos mó ná ceithre uair an chloig. Má tá aon riachtanais chothaithe nó reiligiúnacha agat, cuir in iúl do na póilíní iad chomh luath agus is féidir.

- **Gearán a dhéanamh**

Más mian leat gearán a dhéanamh agus tú faoi choinneáil, iarr labhairt le cigire nó le duine éigin de ghrád níos airde. Más mian leat gearán a dhéanamh tar éis duit a bheith ligthe saor, féadfaidh tú dul chuig aon stáisiún póilíní nó glaoch ar 101. Chomh maith leis sin, is féidir leat iarraidh ar dhuine eile gearán a dhéanamh ar do shon, más rud é gur thug tú do thoiliú i scríbhinn dó nó di. D'fhéadfadh sé gur tuismitheoir a bheadh i gceist, nó cara leat, do pháirtí nó

duine a bhfuil muinín agat as nó aisti.

Más rud é gur ghortaigh póilín thú agus tú do do ghabháil nó faoi choinneáil, ba chóir duit gearán a dhéanamh le Rannóg na gCaighdeán Gairmiúil de chuid Police Scotland.

Má theastaíonn tacaíocht bhreise uait (tabhair faoi deara gur eolas faoi sheirbhís é seo agus nach ceart é):

B'fhéidir go mbeadh cabhair ag teastáil uait ionas go dtuigfeá cad atá ag tarlú agus tú ag stáisiún na bpóilíní. Is féidir le duine tacaíochta ar a dtugtar Duine Fásta Cuí an cúnamh sin a chur ar fáil. D'fhéadfadh sé sin a bheith i gceist i do chás féin má tá neamhord meabhrach nó míchumas foghlama ort. Labhair leis na póilíní má cheapann tú go bhfuil an tacaíocht sin ag teastáil uait.

Má cheapann na póilíní go dteastaíonn tacaíocht ó Dhuine Fásta Cuí uait, iarrfaidh siad ar

2. Eolas do dhaoine a bhfuil na póilíní chun iad a cheistiú

• Dlíodóir a aimsiú chun cabhrú leat

Abair leis na póilíní é más mian leat labhairt le dlíodóir. Rachaidh na póilíní i dteagmháil le dlíodóir ar do shon chomh luath agus is féidir.

Is é an cúram atá ar dhlíodóir do chearta a chosaint agus comhairle a chur ort faoin dlí.

Féadfaidh tú labhairt le dlíodóir a bhfuil aithne agat air nó uirthi nó leis an dlíodóir atá ar glao-dhualgas. Is duine neamhspleách é nó í an dlíodóir ar glao-dhualgas agus ní bhíonn sé nó sí ag obair do na póilíní.

Inseoidh an dlíodóir duit an féidir leis nó léi comhairle a chur ort saor in aisce nó an mbeidh ort íoc as comhairle. Má bhíonn ort íoc, míneoidh an dlíodóir cé mhéad a chosnóidh an chomhairle agus conas is féidir leat íoc aisti. Ní íocfaidh na póilíní as do dhlíodóir ná ní labhróidh siad faoin gcaoi a n-íoctar do dhlíodóir.

Tá cead agat comhrá príobháideach a bheith agat le dlíodóir sula gcuirfidh na póilíní ceisteanna ort, ach amháin sa chás ina gcaithfear ceisteanna a chur ort mar ábhar práinne, ar chúiseanna sábháilteachta.

Féadfaidh tú d'intinn a athrú faoi labhairt le dlíodóir am ar bith. Inis sin do na póilíní a luaithe is féidir agus rachaidh siad i dteagmháil le dlíodóir ar do shon.

Mura dtagann an dlíodóir go dtí stáisiún na bpóilíní ag an am a bhí socraithe, nó má theastaíonn uait labhairt leis an dlíodóir arís, féadfaidh tú iarraidh ar na póilíní teagmháil a dhéanamh leis nó léi arís.

Tá sé de cheart agat an dlíodóir a bheith sa seomra leat nuair a chuireann na póilíní ceisteanna ort ach amháin más gá ceisteanna práinneacha a chur ort sula dtiocfaidh an dlíodóir, ar chúiseanna sábháilteachta.

• Cé chomh fada is féidir tú a choinneáil le haghaidh ceistiúcháin?

Is féidir leis na póilíní tú a choinneáil ar feadh suas le 48 uair an chloig gan tú a chúiseamh i gcion. Uaireanta bíonn ar ardoifig póilíneachta breathnú ar do chás chun féachaint ar cheart tú a bheith fós faoi choinneáil. Tugtar athbhreithniú air sin. Ní féidir tú a choinneáil níos faide ná 48 uair an chloig ach amháin má cheadaíonn cúirt é. Is féidir leis an gcúirt síneadh a chur leis an tréimhse choinneála gan chúiseamh ar feadh 14 lá ar a mhéid ón uair a gabhadh thú. Sna cúinsí sin ní mór na nithe seo a leanas a thabhairt duit:

- Doiciméad i scríbhinn lena ndeimhnítear go ndearnadh iarratas ar shíneadh a chur le do thréimhse choinneála;
- An t-am a rinneadh an t-iarratas;
- An t-am a bheidh an t-iarratas le héisteacht sa chúirt; agus
- An chúis nó na cúiseanna a bhfuil thréimhse choinneála bhreise á lorg.

Ní mór fógra a thabhairt duit (agus do d'ionadaí dlíthiúil) gach uair a dhéantar iarratas chun síneadh ama a chur le do thréimhse choinneála, nó síneadh ama breise a chur léi.

Tá sé de cheart agat féin agus ag do dhlíodóir bhur dtuairim a chur in iúl faoin gcinneadh sin, mura rud é nach bhfuil tú in ann aige sin. Is féidir le dlíodóir comhairle a chur ort faoi sin.

• **Cuairteoirí Neamhspleácha Coinneála**

Tá daoine den phobal a bhfuil cead acu rochtain a bheith acu ar stáisiúin póilíní. Tugtar Cuairteoirí Neamhspleácha Coinneála orthu agus bíonn siad ag obair ar bhonn deonach chun féachaint chuige go gcaitear go cuí le daoine atá faoi choinneáil agus go mbíonn fáil acu ar a gcearta.

Níl sé de cheart agat Cuairteoir Neamhspleách Coinneála a fheiceáil ná iarraidh ar dhuine acu cuairt a thabhairt ort, ach is féidir go n-iarrfadh cuairteoir tú a fheiceáil. Má thugann Cuairteoir Neamhspleách Coinneála cuairt ort agus tú faoi choinneáil, is go neamhspleách ar na póilíní a bheidh sé nó sí ag gníomhú le seiceáil go ndearnadh do leas agus do chearta a chosaint. Is fút féin é an mian leat labhairt leis an té sin nó nach mian.